# Imeachtaí Eile / Other Events


## Taispeántais Ealaíne/Art Exhibitions



***"Dichotomy" le Rieleen Bn Uí Dhuinnín ag oscailt Dé hAoine, 2ú Feabhra @ 7.30pm***

Féachann an taispeántas seo ar dhéscaradh an tsaoil trí shaothair ealaíne ilmheáin. An déacht idir staid an fháis & an staid statach. Téann Rieleen go domhain isteach ina hanam agus a timpeallacht chun féachaint ar choincheapa agus ábhair a bhfuil tionchar acu ar an saol laethúil aici.

**Dé hAoine, 8ú Márta @ 7.30pm**



***Maura Whelan & Caroline Scally - Baitíc & Gloine (Batik & Glass)***

Ealaíontóir a bhfuil cónaí uirthi i gCill na Martra í Maura Whelan. Tá gloine á chomhleá ag Maura le blianta fada anuas. Baineann sí úsáid as tírdhreach garbh fiáin a timpeallachta mar ábhar inspioráide dá saothair uathúla, ina measc réimse soilse falla, saothair i bhfrámaí & seodra.

Is í Baitíc an meán a d'úsáid Caroline Scally don taispeántas seo. Mothaíonn sí gur féidir le ceird na baitíce ábhairiontais a chruthú mar aon le saibhreas iontach de mheascán dathanna. Tagann formhór de na saothair anseo ón ngrá atá aici do chait, éin agus scéalta eile ó Chiarraí.

**Beidh amhráin á gcasadh ag Ger Wolfe dúinn le linn na hoscailte. Ger Wolfe will perform songs as part of the opening of this wonderful exhibition.**


**'Tacaois'- Taispeántas 3ú Bealtaine @ 7.30pm**

Ranganna ealaíne do sheanóirí ar fáil sna hionaid lae i gceantar Mhúscraí le Helen Quill. Beidh taispeántais ealaíne againn le saothar na seanóirí i mí na Bealtaine mar cheiliúradh ar na haosaigh & tallann na n-aosach ó cheantar Mhúscraí.




# Imeachtaí Eile / Other Events

## Ealaíontóirí Cónaithe



***David Syme***

Virtuoso Pianó Meiriceánach atá ina chonaí in Iarthar Chorcaí. Bhí sé mar ealaíontóir cónaithe le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá an t-ádh linn go mbeidh sé inár dteannta ar feadh tréimhse chónaitheach anois. *David has performed all over the world, including in Carnegie Hall and Lincoln Centre. We hope to have master classes & musical appreciation afternoons throughout the Spring.*



***Éadaín O'Donnell***

Ag soláthar ceardlanna ealaíne bainteach leis an gceol agus an nádúr – fuaim an cheoil agus an samhlaíocht á spreagadh i bhfoirm ealaíne. Bheidh sé seo dírithe ar na scoileanna.

- ***Drámaíocht -*** Ceardlanna drámaíochta do dhéagóirí 12-18 bliain á reáchtáil san Ionad Cultúrtha le Esther Uí Chruadhlaoich.
- ***Garry McCarthy -*** nó GMC Beats i mbun ceardlanna 'rap' le daltaí na hidirbhliana ó Choláiste Ghobnatan & Scoil Mhuire Béal Átha'n Ghaorthaidh.
- ***Daltaí Choláiste Ghobnatan & Scoil Mhuire -*** Beidh taispeántas faoi leith againn ó dhaltaí áitiúla agus Garry McCarthy, nó GMC Beats mar is fearr aithne atá air, ag léiriú torthaí a gcuid saothair le Garry i bhfoirm RAP as Gaeilge! Beidh taispeántas drámaíochta againn le daltaí drámaíochta faoi stiúir Esther Uí Chruadhlaoich mar chuid den ócáid chomh maith.
- ***Ensemble Mhúscraí -*** Ceolfhoireann faoi stiúir Paul Clesham, dírithe ar dhéagóirí.. Fáilte roimh cheoltóirí nua – cleachtadh a fháil ar conas ceol a chumadh & a chóiriú.
- ***Aisling Gheal -*** Ranganna amhránaíochta ar an sean-nós á soláthar sna bunscoileanna áitiúla mar aon le ranganna do dhéagóirí san Ionad Cultúrtha gach Céadaoin, ***4.30 – 5.30pm.***
- ***Ranganna Ceoil le Henry Cronin -*** Breis eolais le fáil ón Ionad Cultúrtha

**Eolas**

Gach eolas agus ticéid le fáil ó **Ionad Cultúrtha an Dr. Ó Loingsigh.**

eolas@ionadculturtha.ie | **www.ionadculturtha.ie**
**Teil: 026 45733 / 086 104 0688**

**Baile Mhúirne, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. P12 X239**

# Clár an Earraigh

## Spring Programme 2024


Ionad Cultúrtha, Baile Mhúirne

## Coirmeacha Ceoil / Concerts

***Féile Naomh Gobnait***

Imeachtaí éagsúla ag ceiliúradh saol & oidhreacht Naomh Gobnait, idir leachtaí, taispeántais rince le Scoil Rince Uí Thuama & déantús coirceog beach, beidh neart ar siúl ach teagmháil leis an Oifigeach Pleanála Teanga áitiúil, Eibhlín Ní Lionáird. Beidh Emma Langford mar chuid den fhéile seo chomh maith.

**Dé Sathairn, 10ú Feabhra @ 8pm**



***Emma Langford***

Amhránaí & cumadóir amhrán den chéad scoth. *A terrific singer-songwriter and renowned folk singer.* Cara mór leis an Ionad Cultúrtha & le muintir Mhúscraí trí chéile.

**Dé hAoine, 16ú Feabhra @ 8pm**




***Music Network***

Niamh Dunne, Bróna McVittie, Cormac Breanach & Seán Óg Graham i gcomhpháirtíocht le Music Network.

**Dé hAoine, 23ú Feabhra @ 8pm**

***'Lyrica'***

*Lyrica Friends and Neighbours: A Musical Tapestry. Trio Lyrica was formed in 2019 and brings together Ireland's most celebrated musicians, including Kieran Moynihan (flute and piccolo) and Fionnuala Moynihan (piano).*






Tá coirmeacha ceoil seinnte go fairsing acu fud fad na hÉireann agus speisialtacht ar leith acu i saothair cheoil iomráiteacha a chur i láthair taobh le saothair nach gcuirtear i láthair ach go hannamh. Mar chuid de choirm cheoil Friends and Neighbours: A Musical Tapestry deintear foinn den scoth a cheiliúradh. Tá súil againn go mbeifear i láthair linn anseo i dteannta le Trio Lyrica le haghaidh tráthnóna speisialta ceoil ó ar fud an domhain.


026 45733
www.ionadculturtha.ie
eolas@ionadculturtha.ie

## Dé Domhnaigh, 3ú Márta @ 2pm



***Scoil Cheoil Chorcaí***
Mar chuid de Cheolchoirm Scoil Cheoil Chorcaí faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí beidh roinnt ensembles agus aonréadaithe ó na ranna Práis, Téide, Gaothuirlise & Cnagcheoil ag seinnt réimse leathan ceoil.

## Dé hAoine, 22ú Márta @8pm



***Eoin Ó Riabhaigh & Johnny McCarthy, le Pat Ahern dreas fonn ón CD nua 'Under the Stairs'***
Bígí i dteannta linn le haghaidh ceolchoirm den scoth le Eoin Ó Riabhaigh (píb uileann) agus Johnny McCarthy (fidil), le Pat "Herring" Ahern (giotár) mar aoi speisialta. Sheol Eoin agus Johnny dlúthdhiosca spleodrach 'Under the Stairs' i dtreo deireadh na bliana seo caite, leis an ainm tógtha acu ón áit ina sheinneann siad gach tráthnóna Déardaoin i dtigh tábhairne an Corner House, ar Shráid Coburg i gCorcaigh

*Join us for Under the Stairs with Corkonians, uilleann piper Eoin Ó Riabhaigh and fiddler Johnny McCarthy, and special guest Pat "Herring" Ahern on guitar.*




## 4ú-6ú Aibreán


***Cruinniú na bhFliúit***




## Dé hAoine, 26ú Aibreán

***Music Network - Matilda Lloyd (trumpa) & Alexandra Whittingham (giotár)***
Beidh dísreach gleoite faoi scáth Music Network i dteannta linn i mí Aibreáin i bhfoirm beirt cheoltóirí óga atá ag tabhairt aghaidh ar dhomhan an cheoil chlasaicigh go fonnmhar faoi láthair. Tá an trumpadóir Matilda Lloyd ag fás go gasta mar aonréadaí ceannródaíoch ar an stáitse idirnáisiúnta le croíthe a lucht éisteachta á ngabháil aici trína cuid ceolmhaireachta dúchais agus teicnící virtuoso. Mar dhara leath an dísrigh tá ceoltóir mórthaibhseach eile Alexandra Whittingham, ar ghiotáraí iontach mothúchánach í.

*Together the duo present a mesmerising selection of early music repertoire before transporting us to Spain with the sunshine filled music of De Falla. Rejuvenate your spirit with the uplifting tones of trumpet and guitar by catching this stellar young duo while you can.*



## Dé Sathairn, 27ú Aibreán @ 8pm

***Shorelines Trio***
Mar chuid den ghrúpa iluirlise Shorelines Trio tá ceoltóirí den scoth, Nuala Kennedy (guth, fliúit, feadóg mhór), Tony Byrne (giotár) & Tara Breen (fidil). I dteannta leo mar aoi speisialta beidh Caoimhín Vallely ar an bpianó.



## Dé hAoine, 3ú Bealtaine @ 8pm

***WHERE RIVERS JOIN***
*Encounter between the conservatoire de musique et de danse of the seine river in normandy and the traditional irish music and dance of the beautiful River Lee.*



Tá casadh agus comhcheangal ár dtraidisiúin cheoil agus rince araon mar phríomh-sprioc an tionscadail seo. Tá áthas ar an Conservatoire de Musique et de Danse de Petit et Grand-Couronne, scoil stáit an cheoil agus rince i Normainn na Fraince a ullmhaíonn a cuid mac léinn dá saoil mar cheoltóirí gairmiúla, cuairt a thabhairt ar Ghaeltacht Mhúscraí chun nasc a chruthú idir cheol agus rince an dá cheantair.



## Dé Sathairn, 11ú Bealtaine @ 8pm

***Ré Órga***
Mar chuid den ensemble Ré Órga tá Geraldine Cotter (pianó), Eamonn Cotter agus Cillian Boyd (fliúit), Meadhbh Hendrie agus Grainne Cotter (fidil), agus Neil Ó Lochlainn (olldord).
Sa cheolchoirm seo, i dteannta le réimse dreas traidisiúnta, beidh saothair nua-chumtha, cóiriúcháin ar ábhair chartlainne annamh agus léiriúcháin nua ar fhoinn rince iomráiteacha. Tá an cur i láthair seo ag marcáil seoladh dlúthdhiosca nua le Geraldine dar teideal Ré Órga, ar Raelach Records. Tá na cóiriúcháin cheoil fréamhaithe go domhain sa cheol Gaelach traidisiúnta, go háirithe an ceol a bhaineann le ceantar a hoidhreachta in iarthar an Chláir, le tionchar chomh maith ag teangacha armónacha an tsnagcheoil agus an cheoil chlasaicigh.








## Dé hAoine, 24ú Bealtaine @ 8pm

***Dúchas & Dóchas***
Beatha Teanga í a Labhairt,
Beatha Amhrán é a Rá!
Ó oidhreacht na bhfilí, trí thréimhsí corraitheacha polaitiúla is imirce anuas go dtí athbheochan ceolmhar an lae inniu, tugann 'Dúchas agus Dóchas' ar thuras ceolmhar muid trí 350 bliain d'oidhreacht chultúrtha an Chláir. Seo chugaibh Gáir an Chláir, ós ard, le misneach agus le croí!




*Members of the Dúchas agus Dóchas touring collective include: Diarmuid de Faoite, Edel Vaughan, Emer O Flaherty, Philip Fogarty, Therese Mc Inerney & Gráinne Cotter.*



## Dé hAoine, 14ú Meitheamh @ 8pm

***Macdara Ó Faoláin & cairde.***
Thosaigh Pádraic Keane, Páraic Mac Donnchadha & Macdara Ó Faoláin ag seinnt le chéile ag Scoil Samhraidh Willie Clancy cúpla bliain ó shin. Bhí splanc nádúrtha eatarthu agus leanadar leis an seisiún mar nós bliantúil. Tar éis cúpla bliain iontach, bheartaíodar ar albam beo a thaifeadadh leis an bhfuinneamh seo a léiriú. Is as seo a tháinig "Beo".

